"Tuiġim agus ní léiġim.
Aċ tuiġean fear léiġinn leaċ-ḟocal."

# The Léigean ...ean Series.

EDIT... ...RTHWICK.

# Ce...

IRISH ... PART IV...

**Dublin:**

THE IRISH BOOK COMPANY,

35 UPPER O'CONNELL STREET, AND 6 D'OLIER STREET.

1903.

PB 1360 .C47 1903

359
3

BOSTON ... LIBRARY
CHESTNUT HILL, MASS.

BOSTON COLLEGE LIBRARY
CHESTNUT HILL, MASS.

## Caoine Ċille Cais.

Créad a ḋeunfamuid feasda gan adṁad
  Atá deire na gcoillte ar lár?
Ní'l tráċt ar Ċill Ċais ná a teaġlaċ,
  'S ní bainfear a cling go bráṫ!
An áit úd 'na gcóṁnuiġeaḋ an dia-ḃean
  Fuair gairm a's meiḋir tar mná',
Ḃíoḋ iarlaí ag tarraing tar toinn ann
  'S an t-Aifrionn binn d'á ráḋ.

Is é mo ċreaċ fada 's mo léan goirt
  Do ġeataí breaġa néata ar lár!
An avenue ġreanta faoi ḟaoṫar
  'S gan fosg' ar aon taoḃ do'n walk!
An Ċúirt ḃreaġ a' sileaḋ an ḃraon di,
  'S an ġarraḋ féiṁ go tláṫ;
'S i leaḃar na marḃ do léaġtar
  An t-Easbog 's Lady 'Veagh.

Ní ċluinim fuaim laca ná géi ann,
  Ná fiolar 'deunaḋ aeḋir cois cuain,
Ná fiú na mbeaċa ċun saoṫair
  Ṫaḃarfaḋ mil agus céir do'n tsluaiġ!
Ní'l ceól binn milis na n-eun ann
  Le h-aṁarc an laé ḋul uainn:
Ná'n ċuaiċín i mbárr na ngeug ann,
  Ó, 's í ċuirfeaḋ an saoġal ċun suain.

Nuair ṫigeaḋ na puic faoi na sléiḃte
  'S an guna le n-a ḋtaoḃ, 's an líon,
Feuċan siad anuas le leun ar
  An mbaile fuair sway i ngaċ tír;
An faiṫċe ḃreaġ aoibinn 'na raobṫaċa,
  'S gan fosg' ar aon taoḃ ó'n tsrín;
Páirc an phaddock 'na dairy
  Mar a mbioḋ an eilit a' deunaḋ a sgít.

Atá ceó ag tuitim ar ċraoḃa ann
  Ná glanan rae, grian, ná lá;
Tá smúid ag tuitim ó'n spéir ann,
  'S a cuid uisge go léir ag trágaḋ:
Ní'l coll, ní'l cuilion, ní'l caor ann,
  Aċ cloċa 'gus maol-ċloċáin,
Páirc an fosgaoir gan ċraoḃ ann
  A's d'imṫiġ an game ċun fáin!

Anois mar ḃárr ar gaċ mí-ġreann,
Ċuaiḋ prionnsa na nGaeḋeal tar sáil'
Anonn le h-ainnir na mine
Fuair gairm san ḃFrainc 's san Spáinn.
Anois tá a cualaċt d'á caoine
Ġeiḃeaḋ airgead buiḋe agus bán;
Is í ná tógfaḋ seilḃ na ndaoine,
Aċ caraiḋ na ḃfíor ḃoċtán!

Aitċím ar Ṁuire 's ar Íosa
Go dtagaiḋ sí 'rís ċúġainn slán!
Go mbeiḋ "rainci fada" ag gaḃáil timċioll,
Ceól béiḋlín a's teinte cnáṁ;
Go dtógfar an baile-se ár sinsear,
Cill Ċais ḃreaġ arís go h-árd,
'S go bráṫ nó go dtiocfaiḋ an díleann
Ní ḟaicfear í 'rís ar lár!

---

## STUAIRÍN NA MBAĊALL MBREAĠ RÉIḊ.

Fonn:—"Is fada anso mé."

Táid na reulta 'na seasaḋ ar an aer,
An ġrian a's an ġealaċ 'na luiḋe;
Tá an fairrge tráiġte gan braon
'S ní'l réim ag an eala mar ḃíoḋ;
Tá an ċuaiċín, i mbárraiḃ na ngeug,
'Gá ḟíor-ráḋ gur éaluiġ sí uainn,
A stuairín na mbaċall mbreaġ réiḋ
D'ḟág Éire faoi ḟaduirse cruaiḋ!

Trí níḋ do ċím trér an ngráḋ,
An peacaḋ, an bás, a's an pian,
Agus m'intinn d'á insin, gaċ lá dom,
M'aigne gur ċráḋ sí le ciaċ.
A ṁaiġdean, do ṁill tú am' lár mé
Agus m' impiḋe ó'm láiṁ ċúġatsa n-iar,
Mo leiġeas ó na saiġeadaiḃ-si am' lár,
'S go ḃfaġaiḋ tú na grása ó Ḋia!

Is binne í 'ná an béiḋlínn 's 'ná an liúṫ,
'S 'ná ceileaḃar na gcéirseaċ 'tá ciar;
Is dealraiġe í 'ná an feur trér an ndrúċt,
'S is fíor-ḋeas gaċ alt ann a cliaḃ;
Tá a píob mar an eala ar an dtráiġ,
'S is dóiġ liom gur breaġṫa í 'ná 'n ġrian;
'S é mo ċúṁa ġeur mar tugas dí gráḋ,
'S go mb'ḟearr liom náċ ḃfeicfinn í riaṁ!

## An Maidrín Ruaḋ.

(Cuma Muiṁneaċ.)

Ag gabáil a dtuaiḋ ḋom tar Sliaḃ Luaċra,
A's mé i dtuairisg mo ġéana,
Ag gabáil a dtuaiḋ ḋom fuaras a dtuairisg
A's an Maidrín Ruaḋ 'gá n-aoḋaireaċt!
Maidrín Ruaḋ ruaḋ, ruaḋ ruaḋ ruaḋ,
Maidrín Ruaḋ 'tá gránda;
Maidrín Ruaḋ 'na luíġe sa luaċair
A's bárr a ḋá ċluas i n-áirde!

"Good morrow, fox!" "Good morrow, sir!"
"Pray what is this you are ating?"
"A fine fat goose I stole from you,
An' will you come and taste it?"
"No, indeed! Ní h-áil liom í,
Ní ḃlaisfead pioc dí ar aon ċor;
But I vow and swear you'll dearly pay
For my fine fat goose you're ating."
Maidrín Ruaḋ ruaḋ, ⁊rl.

"Ní ḃlaisfead pioc a's ní íosfad giob,
A's ní raċaiḋ aon smut am' beul de,
But I vow and swear you'll dearly pay
For my fine fat goose you're ating."
Maidrín Ruaḋ ruaḋ, ⁊rl.

Croiḋe cruaiḋ cráiḋte ċúgat, a Ṁada' Ruaiḋ ġránda
Do rug uaim m'ál breaġ géana,
Mo ċoiliġ mór breaġṫa, mo ċearca ḃí go h-áluinn,
A's mo laċain doḃ' fearr a ḃí i n-Éirinn.
Maidrin Ruaḋ ruaḋ, ⁊rl.

Hark! Hark! Finder, Lily agus Piper!
Cruinniġíḋ na gaḋair le n-a ċéile!
Hark! Hark! Trueman, ar ḟleasg na Cúma,
A's ba ṁaiṫ an fear-cúil é Bateman.
Sin ċúġaiḃ ramar-ṗoc—beiriġ i n-am air!
A's congḃaiġ i dteannta na bpleur é;
Nó go dtiocfaiḋ an t-am i n-a mbainfear a ċeann
Ní beiḋ cearca go ramar ag Séamus.
Tally ho! le n-a ḃun! Tally ho, le n-a ḃun!
Tally ho! le n-a ḃun, a ċoileáinín!
Tally ho! le n-a ḃun! Tally ho! le n-a ḃun!
Agus bárr a ḋá ċluas i n-áirde!

Siúḋ Maidrín Ruaḋ 'tá fíor-ġlic, luaṫ,
Siúḋ Maidrín Ruaḋ 'tá dána,
Siúḋ Maidrín Ruaḋ 'na luiġe sa luaċair
A's bárr a ḋá ċluas i n-áirde!
Ar a ḃolaḋ 's ar a bun! Ar a ḃolaḋ 's ar a bun!
Ar a ḃolaḋ 's ar a bun, a ċoileáinín!
Ar a ḃolaḋ 's ar a bun! Ar a ḃolaḋ 's ar a bun!
Agus bárr a ḋá ċluas i n-áirde!

Nuair ċualas an liú, a's an aḋarc ar siúḃal
Níor stadas dem' ṡiúḃal nó go ndeaċas dom' ċúirt,
Mar a raiḃ seomraí ró ċúṁang 's póirsí ró ḋlúṫ;
Mo sguaine boċt féin ag truaġ-ġol go geur
Mar fuaradar tuairisg mo ruaige go geur.

A ḟiaḋaiḋe na h-aḋairce, congḃaiġ do ġaḋair uaim!
Táim greaduiġṫe, millte, ag Lily a's ag Piper,
A's ag Hector beag meaḋraċ;
Ag Juno, a's ag Bateman, ag Finder a's ag Leader,
Am' ġearraḋ 's am' stracaḋ 's am' tarraic ó ċéile—
Nó an fada uaim an ċarraig naċ raċaḋ lem' ċlainn ann!

---

## Na Gaṁna Geala.

(Cuma Connaċtaċ.)

An Ċraoiḃín Aoiḃinn do ḟoláṫruiġ.

'S iad mo ċuid gaṁan na gaṁna deara
D'iosfaḋ an feur 's naċ n-ólfaḋ an bainne,
Ṡnáṁfaḋ siad anonn a's anall ar an tSionnain
'S níor ḃ' ḟearr an tráiġ aca 'ná an lán mara.

Ḃeirim mo ṁallaċt do'n tsagart do ṗós mé,
A's an darna ceann do na bailtiḃ móra,
Ní ag cur maoil ar ċártaiḃ ċleaċt mé i dtús m' óige,
Aċt cead rinnce ar an taṁnaiġ 's na gaṁna do ḟeólaḋ

Níor ḃ'ḟearr liom an locais fúm 'ná an luaċair,
Níor ḃ'ḟearr liom an coilléar duḃ orm 'ná an ḃuaraċ,
Ceólta an domain a's seinntear ann mo ċluais iad
Ba ḃinne liom-sa géimniġ na ngaṁan 'san mbuaile.

Is beag mo ḋúil ann do rúmaiḃ geala,
Do leapaċaiḃ clúiṁ nó do ṗárluir ḋeara,
B'ḟearr liom agam cruinn-teaċ beag samraiḋ
Poll beiṫ ar an sgraiṫ a's mé 'faire na ngaṁna.

“Tiucfaiḋ an geiṁreaḋ a's greadfaiḋ an t-earraċ,
A's séidfiġear an sneaċta go doṁain ann sna gleanntaiḃ,
Tiucfaiḋ éag ar an eallaċ agus feannfaiġear na gaṁna,
A's a ċara mo ċléiḃ, ná cuir spéis ar biṫ ionnta.”

Má tigeann an geiṁreaḋ lasfaiḋ an Márta,
'S ní ṡéidfiḋ an sneaċta go doṁain ann sna gleanntaiḃ,
Ní ṫiucfaiḋ éag ar an eallaċ 's ní feannfaiġear na gaṁna
A's ó ól an ḃainne raṁair is olc a ċuaiḋ an dram dom.

---

## TÓRRAṀ AN ḂAIRILLE.

Sgeólfad teasdas ar ṡlóiġtiḃ Ḃaile Ṁacóda ṁaiseaṁail ṁúinte
Treóin do ċleaċdas gaċ ló gan lagaḋ orṫa ól gan ċeasnaḋ gan ċúinse,
Leóṁanta lannṁar ceólṁar greanṁar cóṁaċtaċ calma cungantaċ
'S is mór an t-aiteas go deó ḃeiṫ eatorra ar ṫórraṁ an ḃairille ḋiúgaḋ.

Stór ní tairgiġtear leó go dearbṫa; i n-ór ná i n-earraḋ ní ċuṁduiġid,
Aċ mór-ċuid beaṫ' uisge a's beóir i n-aisge gan sreóis d'á sgeapaḋ ar an nDúṫaiġ;
An d'reóil má ṫagann gan lón 'na spaga do ġeoḃaiḋ an carga gan cúntas
Le h-ól gan bacaḋ go bórd na maidne ar ṫórraṁ an ḃairille ḋiúgaḋ.

Fó na dtearmainn deónaċ tarraingid fóirne dalla gan súile,
'S is leór do ḃacaiġ gan treóir go tapaiḋ 'na dóid gan bata go siúḃalaid;
Ní'l stróinse dealḃ ó'n nCóḃ go Caiseal ná fós i ḃFearantas Duḃagáin
Naċ seóltar sealad 'na gcóṁair i dtiġ 'n tabairne ar ṫórraṁ an ḃairille ḋiúgaḋ.

'S é an nós do cleaċtaḋ le proinn an eadarṫa, dóirse ar leaṫaḋ gan dúnaḋ;
Ḃíon dótain seaċtṁaine acu ar bórd a's bainne i n-a ṡrúllaiḃ;
Is dóiġ le Gallaiḃ gur fó-ḃruid caṫa nó tórman bagarṫa Lunndain
Gaċ geóin d'á gcanaid 's gaċ spórt d'á leanaid ar ṫórraṁ an ḃairille ḋiúgaḋ.

'S é lóċrann lasamail Fódla Baile Ṁacóda cabair 'na cuṁgaċ,
Flós na Banba, rós na rabaire, seól-tsruiṫ bailte na Muṁnaċ.
A ṡórt ní'l againn i gcló 's i ngairm, i n-eólas eagna a's iomċar
Naċ d' ḟóirear galair le dórd a n-aṁar ar ċórraṁ as bairille ḋiúgaḋ.

Tálaid cearca na h-áite bleaċda níos fearr go fada 'ná bólaċt,
Fásann meacain ar ḃláṫ an aitinn; bíon rás ag barcaiḃ ar ḃóiṫriḃ;
Bíon álta banḃ de ġnáṫ ag laċain; bíon báire ag asail i gcóṁairṫiḃ,
Agus dánta ag gaḃair d'á ngaḃáil i n-eagar le grá do Ḃaile Ṁacóda.

---

## CAITILÍN TRIALL.

Is mian liom tráċtaḋ ar gaċ níḋ le stuaim,
'S is miṫid liom tráctaḋ ar Ċití na gcuaċ;
'S í an plannda breaġ leinḃ 'tá saoiṫeaṁail suairc,
'S a saṁail ní ḟacas i mbailtiḃ na dtuaiṫ.
Is é mo ċreaċ ṁaidne nár fágaḋ mé
Ar ḃruaċ Loċa Eirrill le fáinne an laé,
Mar ṡúil go ḃfaġainn amarc ar Ċití na gcraéḃ,
Mar do ċualaiḋ mé teastas ar ḃreaġtaċt a sgéiṁ'.

'S é mo leun-ġoirt mar ċonaic mé duḃaċ ná peann,
Ná do ċúl breaġ, triopallaċ, fáinneaċ, fionn;
Dá dtóigeaḋ an tiġearna easboig-se lám os mo ċionn
Ḃeurfainn Cití an stáid-ḃean tar sáile liom.
Is gile í 'ná 'n eala, 's is deirge í 'ná 'n ġrian,
Is binne í 'ná a gcualaiḋ mé de ċeóltaiḃ ariaṁ,
Ní'l aon teaċ leanna reaca fá an tsráid so ṡiar,
Naċ n-ólfaiḋ mé sláinte Ċaitilín Triall.

Is truaiġ naċ ḃfuil mise agus Cití ḋeas, ċaoín,
Fá ċúl an toím ċuilinn go n-ólfamaoís braoín,
Mar ṡúil le Dia ḋílis go dtógfainn a croíḋe,
A's go dtiubrainn aḃaile ó n-a máṫair liom í.
Léiġ mé do litir amuiċ ar an sliaḃ;
Ba binne í 'ná iomad de ċeóltaiḃ síḋe.
Páirt ṁór dem' ċruaḋtan gur leat ċaill mé mo ċiall,
'S is mór i n-agaiḋ t'anama é, a Ċaitilín Triall.

# An Sean-ḋuine.

Cóṁairle fuaireas amuiġ ar an mbóṫar
Ó rógaire sagairt, an sean-ḋuine ṗósaḋ ;
Nár ċuma leis siúd aċ go meuḋóġainn a ṗóca,
'S mé ḃeiṫ fad a ṁairfinn ag braiṫ ar na cóṁarsain.
Óró, a ṡean-ḋuine, leat-sa ní ġeóḃad-sa !
Óró, a ṡean-ḋuine, basgaḋ 'gus breó ort !
Óró, a ṡean-ḋuine, leagaḋ 'gus león ort !
A's cúpla duig ionat a ċuirfeaḋ sé 'n ḃfód ṫú !*

Ṗós mise an sean-ḋuine, ḃí orm diṫ céille ;
Rinne mé an méid sin ar ċóṁairle mo ġaolta ;
Ċuaiḋ mé aḃaile leis, faraor an sgeul san !
A's d'éiriġ mé ar maidin a's b'ḟearr liom an t-éag dam.
Óró, a ṡean-ḋuine, sean-ḋuine ḋóiġte,
Óró, a ṡean-ḋuine, deacair a's dóġaḋ ort !
Óró, a ṡean-ḋuine, sean-ḋuine ḋóiġte,
Dá mbéinn ag an dorus ná ḃeirim-se beó ort !

Ċuir mé mo ṡean-ḋuine siar go Tír-Iarail,
I n-áit a raiḃ míle 'gus fiċe de ṡliaḃ ann ;
Ċrap a ċuid iosgaḋ a's ṫuit a ċuid fiacal,
A's ṫáinig sé aḃaile 'na ḃromaċán bliaḋna.
Aiġireó, a ṡean-ḋuine, sean-ḋuine ḃreóiḋte !
Aiġireó, a ṡean-ḋuine, leac agus fód ort !
Aiġireó, a ṡean-ḋuine, sean-ḋuine ḋóiġte,
Dá mbéinn ag an dorus ná ḃeirim-se beó ort !

Dá ḃfaġainn-se mo ṡean-ḋuine báiḋte i bpoll móna,
A ċosa ḃeiṫ briste 's a láṁa ḃeiṫ leónta,
Do ṫaḃarfainn aḃaile é, a's ḋeunfainn é ṫórraṁ,
A's do ṡiúḃalfainn amaċ leis na buaċaillí óga.
Óró, a ṡean-ḋuine, sean-ḋuine ḋóiġte,
Óró, a ṡean-ḋuine, deacair a's dóġaḋ ort !
Óró, a ṡean-ḋuine, sean-ḋuine ḋóiġte,
Dá mbéinn ag an dorus ná ḃeirim-se beó ort !

Nuair a ċuaḋas-sa go Corcaiġ a d'iarraiḋ gleus tórraiṁ,
Píopa 's tobac agus cláraċa cóṁrain,
Ar teaċt dom aḃaile go tuirseaċ tinn brónaċ
Cá ḃfaġainn-se mo ṡean-ḋuine aċ ag pórtáil broṫóige !
Óró, a ṡean-ḋuine, leat-sa ní ġeóḃad-sa !
Óró, a ṡean-ḋuine, basgaḋ 'gus breó ort !
Óró, a ṡean-ḋuine, leagaḋ 'gus león ort !
A's cúpla duig ionat a ċuirfeaḋ sé'n ḃfód ṫú !

---

* Tá trí cur-fá leis an aṁrán so . bíoḋ a roġa acu ag an aṁránaiḋe.

## Cill-Aodáin; nó, Condaé Ṁuiġ-Eó.

Raifteri do sgríoḃ.

An Ċraoiḃín Aoiḃinn do ḟoláṫruiġ.

Anois, teaċt an earraiġ, béiḋ an lá dul 'un síneaḋ
A's tar éis na Féil'-Bríġde árdóċad mo ṡeól,
Ó ċuir mé in mo ċeann é, ní stopfaiḋ mé ċoiḋċe
Go seasfaiḋ mé ṡíos i lár Ċondaé Ṁuiġ-Eó.
I gClár-cloinne-Ṁuiris béiḋeas mé an ċéad oiḋċe,
'S i mBalla taoḃ ṡíos dé, ṫosóċas mé ag ól,
Go Coillte-maċ raċad, go ndeunfad cuairt míosa ann,
I bfogus dá ṁíle go Baile-an-tiġe-ṁóir.

Fágaim le h-uḋaċta go n-éiriġeann mo ċroiḋe-se
Mar d'éireóċaḋ an ġaoṫ, nó mar sgapas an ceó,
Nuair smuáiniġim ar Ċearra nó ar Ġaillin 'tá ṡíos de,
Ar Sgeaṫaċ a' Ṁíle nó ar ṗláinéad Ṁuiġ-Eó.
Cill-Aodáin an baile a bfásan gaċ níḋ ann,
Tá sméara 's súḃ-ċraob ann a's meas ar gaċ sórt,
'S dá mbéinn-se 'mo ṡeasaṁ i gceart-lár mo ḋaoine
D'imṫeóċaḋ an aois díom agus béinn arís óg.

Bíonn cruiṫneaċt a's coirce, fás eórna 'gus lín ann,
Seagal i gcraoḃ ann, 'rán plúir, agus feóil,
Luċt déanta uisge beaṫa gan license d'á ḋíol ann,
Mór-uaisle na tíre ann ag imirt 's ag ól.
Tá cur agus treabaḋ ann, a's leasuġaḋ gan aoileaċ,
Is iomḋa sin níḋ ann nár labair mé go fóil,
Aṫanna 's muillte ag obair gan sgíṫ ann
'S ní h-íoctar pigin cíosa ann ná dadaiḋ d'á ṡórt.

Tá an t-uisge san loċ, agus aḃnaċa líonta,
Na coraċa déanta, 's na líontaiḃ i gcóir;
Tá an liús a's an breac a's an eascon 'na luiḋe ann,
An purtán, an faoċán, an runaċ, 's an rón.
Tá an bradán 's an ballaċ 'na gcóṁnuiḋe san oiḋċe ann,
'S an liubán ag triall ann ó'n bfairrge ṁóir,
An tártoir 's an gliomaċ 's an turabot riabaċ,
Cnúdáin a's iasg ann ċóṁ fairsing le móin.

Tá an eilit 's an fiaḋ 's gaċ uile ṡórt "gaém" ann,
An madaḋ-ruaḋ 'léimniġ, an broc 's an míol buiḋe,
Ceólta na ngaḃar 's na h-aḃarca d'á séideaḋ,
'S le h-éiriġe na gréine do ṫógfá do ċroiḋe.
Tá daoine uaisle ar eaċraiḃ agus marcaiġ d'á bféaċaint
Ag fiaḃaċ tré n-a ċéile go dtigiḋ an oiḋċ';
Soiléar go maidin arís d'á réabaḋ,
Ól ag na céadtaiḃ a's leabaiḋ le luiḋe.

Fágann dílleaċta 's baintreabaċ cabair a's réiḋteaċ,
  Slíġe bíḋ, a's éadaiġ, a's talaṁ gan cíos,
Sgoláiríḋe boċta sgríoḃ, sgoil, agus léiġeann ann,
  Luċt iarrata na déirce ann, ag tarraing 's ag triall.
Ṡáruiġ sé an doṁan in a h-uile deaġ-ṫréiṫriḃ,
  Ṫug Raifteri an ċraeḃ dó ar a bfacaiḋ sé riaṁ ;
'S é deireaḋ na cainte : saoġal fad ag Franc Taafe ann
  Slioċt Loinnsiġ na féile nár ċoigil an fiaḋaċ.

---

## RÓISÍN DUḂ,
### nó
## AN RÓS GEAL DUḂ.

Is fada an réim do ṫug mé féin ó 'ndé go 'ndiú,
I n-imeal sléiḃ' amuiċ go h-ineallta éadtrom, mar b'eólaċ
  dom ;
Loċ Éirne do léimeas, cé gur mór é an sruṫ,
'S gan de ġile gréine am' ḋéiġ-se aċ mo Róisín Duḃ.*

Go dtí an t-aonaċ má ṫéiḋean tú a' díol do stuic,
Má ṫéiḋir, ná fan déanaċ 'san oiḋċe amuiċ ;
Bíoḋ boltaí ar do ḋóirse a's mór ġlais cip,
Nó is baoġal duit an cléireaċ do'n Róisín Duḃ.

A Róisín, ná bíoḋ brón ort ná cás anois,
Tá do ṗárdún ó'n Róiṁ a's ó'n Ṗápa agat ;
Tá na bráiṫre 'teaċt tar sáile 's ag triall tar muir
'S ní ceilfear fíon Spáinneaċ ar mo Róisín Duḃ !

Tá grá 'gam am' lár duit le bliaġain anois
Grá cráiḋte, grá cásmar, grá ciapaiṫe,
Grá d'ḟág mé gan sláinte, gan rian, gan ruiṫ,
'S go bráṫ, bráṫ, gan aon ḟáġail agam ar mo Róisín Duḃ.

Do ṡiúḃalfainn-se an Ṁúṁan leat, a's ciúṁas na gcnoc,
Mar ṡúil go ḃfaġainn rún ort, nó páirt le cion,
A ċraoḃ ċúṁra, tuigtear dúinne, go bfuil grá agat dom
'S gur b'í plúr-sgoiṫ na mban múinte mo Róisín Duḃ.

Beiḋ an fairrge 'na tuilte dearga 's an spéir 'na fuil,
Beiḋ an saoġal 'na ċogaḋ craoraċ do ḋruim na gcnoc,
Beiḋ gaċ gleann sléiḃe ar fuid Éireann, a's móinte, ar
  crit
Lá éigin sul a n-eugfaiḋ mo Róisín Duḃ.

---

* nó "mo Rós Geal Duḃ." Bíoḋ a roġa ag an aṁránaiḋe.

## Loċ Léin.

Fonn:—Bean an Ḟir Ruaiḋ.

Do ṡiúḃlas a lán gan spás i dtosaċ mo ṡaoġail,
Ó'n tSionainn go Ráṫ a's cois bánta daingne an tSléiḃ,
Ní feasaċ aon áit ba ḃreaġṫa a's ba ḋeise 'ná é,
An baile beag bán atá láṁ le barra Loċ Léin.

Naċ aoiḃinn an áit 'na ḃfásaid torṫaí go h-úr,
An dair go ró ḃreaġ, agus plána ar ṁaṫaiḃ na Muṁan;
Crainn loingis a's báid, gan tráċt ar pluma ná uball,
'S gur ag Ros an Ċaisleáin bíon mná ag seinim a dtiúin.

I mbun torṫa na slóġ bíon spórt ag saoiṫiḃ d'á ḟeabas,
Bíon fíon agus beóir ar bórd acu i mbun torṫa a ngleann;
Bíon an fiaḋ 'cu ċun spóirt, ċun ceóil an druid a's an creaḃar,
An londuḃ 's an smólaċ go ceólṁar ar ḃarrai na gcrann.

Do ṡiúḃlas Ḃaoi Ḃéara, cois Éirne, a's ar san tsoir ṫuaiḋ,
Cois Máinge gan ḃréag, agus tréiṁse a n-arm a dTuaṁuin,
Ní facas aon ḃall de'n ṁéid, cé gur ḃ'fada í mo ċuaird
Ba ḃreaġṫa 'ná Loċ Léin mar a mbíon an riaġ-ṡluaġ.

---

## Síle ní Ġadr...

'S é deir Dóṁnall o Mórḋa, a's é ar...
Gur fada 'tá an óig-ḃean gan pósaḋ le...
Ó milleaḋ, ó leónaḋ, ó seólaḋ tar treun-...
Na feara-ċoin ċróḋa de ċóir-ṡlioċt Mu...
Lasfamaoid tóirreaḋa a ḋóiġfeas an sao...
Agus bainfimíd tóirneaċ as ċrón-ṗoic...
Glanfam Clár Fóḋla ó na Cóḃaiċ go léi...
Beiḋ slóiġṫe ar na bóiṫriḃ, go móḋṁ...
Ag triall ċun do ṗórda-sa, a Síle ní Ġ...

Sin teaċtaire tráṫaṁail gan spás ċun a...
Go sgríoḃfaḋ go fáiṫ-glic ċun árdaiḃ na...
Gaċ file, gaċ fáiġ glic, gaċ sár-ḟear d'á tréine...
Beiṫ bailiġṫe an lá úd ar árd Leara-gréine.
Punch a's fíon croíḋearg d'á ṫaosga...
Drumana d'á bpleursgaḋ, d'á r...
Séarlas ceann-féadna ḃfeas Éi...
Mac uí Ḃriain Ara go calma...
Ag triall ċun do ṗórda-sa, a S...

Ar luaḋan a gráḋ geal go h-áluinn le Síle
  Ċualaḋ a gáire ar árd na dtrí ríoġaċta;
Ċualaḋ san Spáinn í le h-áṫar d'á insin,
  Ċualaḋ san Iodáil í, 'gur ar árd bailte Laoísiġ;
Ċualaḋ i n-Éirinn, le féile d'á ṁaoiḋeaṁ
  Go gcuirfí na Gaoḋail boċt' 'na réim ċeart arís;
Naċ mbeaḋ sí 'na straeḋ boċt idir ṁéirliġ mar bí
  Go dtraoċaḋ sí Galla, an aicme gan beusa,
'S go bpósfaḋ sí a cara, le dlíġ ċeart na cléire.

Cia b'é ċífeaḋ an sár-ḟear breaġ áluinn, an Maor
  Ar ġillín ag céarraḋ go stáitṁear ċun sgléire,
Le n-a ċlaiḋeaṁ leaṫan láidir 'na láiṁ deas a's faoḃar air,
  Ag fuasgailt na mná úd 's dá ġráḋċann le Séarlas.
Cá bfuil tú, a Ṡéarlais? Ná déin-se aon ṁaill!
  Díbir tar treun-ṁuir go h-éasgaiḋ na Gaill.
Bain fuaim as gaċ bréan-ṗoc, a's séid fuas an adarc;
  Suas leis na ceóltaib go móḋṁaraċ meaḋraċ,
Ag triall ċun do pósda-sa, a Ṡíle ní Ġaḋra!

Tá fásaċ 'na sladaib ar ṡléibtib 's ar ṁaoilinġ,
  Agus* binn-ġuṫ na n-eunlaiṫ ar ġeugaib san oiḋċe;
Le [illegible]ear na gréine bíḋ' an ċraob glas san ngeiṁre
  A [illegible]ḋirís [illegible]
  Tá do r[illegible] 'n R[illegible]á Phoébus ag séid' a ċuid soillse!
Tá na br[illegible] 'teaċt [illegible]n méid-se Síol mBriain!
  'S ní ceilfear fíon S[illegible] feuċaiġ búr dtriaṫ!
[illegible]ġu[illegible]n, búr gceursaḋ le cian!
  Tá gráḋ 'gam an[illegible]alma, leanaiġ búr léid-ḟear
Gráḋ cráiḋte, gr[illegible]bodaċ ar Fóḋla-ċlár Éibir!
  Gráḋ d'ḟág mé g[illegible]
  'S go bráṫ, bráṫ, [illegible] ná fulaing mé bpian,
[illegible]ḃ 's ar mo ḋanaid má ḟeudair;
  Do ṡiúḃalfainn-se [illegible]tracaḋ eadar ġarrai diabal,
  Mar ṡúil go bfaġa[illegible]ṁnuiḋe 's gan gnó dom d'á iarraiḋ.
  A ċraob cúṁra, t[illegible]ḋoar go sgarfar an báb
  'S gur b'í plúr[illegible]a dealḃ naċ áit leis na mnáib;
[illegible]ṁar ċéile í níor réiḋtiġ sé a cás,
  Beiḋ an fa[illegible]oc mallaiġṫe! stracfamuid a adarca,
  Beiḋ an r[illegible]n bodaiġ ċun sodar ar Ṡíle ní Ġaḋra.
  Beiḋ gaċ [illegible] gaċ lá nuair a smuainim
    crit[illegible] neaṁ-aérac, neaṁ-aoibinn,
  Lá éigin sul a n-eugfaiḋ m[illegible]gan féile, gan ċaoineas.
[illegible]gur d'á h-éigean ar ċoilltib.

* nó "mo Rós Geal Dub." bior[illegible]

'S mé an ḋruiḋe is óige 's is sine san dtír,
'S mé ṗógfas an óig-ḃean agus tiocfaiḋ sí linn,
'S í ṫógfas an smúit-sí 's an tuirse de m' ċroiḋe,
An óig ṁilis ċiúin tais, mar a luaiḋtear ag Laoiseaċ,
Agus pósfad mo ċailín le Caṫaoir gan aiṁreas.

'S é Caṫaoir dob' ḟearr liom a' tráċt liom san níḋ úd,
Agus ríġ geal na Spáinne a's a ġárda beiṫ am' tímpal,
'S é ḃuaiḋfeas gan dualgas le h-uaislib na tíre,
Agus sinne, lá dúḃaċ é! ag búiriḃ d'ár gcoím'sgar.
Troiḋiġ-se an méirleaċ naċ féidir do ċlaoiḋeaḋ
Go dtiocfaiḋ an Franncaċ 's a ḃantraċt tar tuínn,
'S é d'ḟágfas gan amras iad go fann-lag gan bríġ.
Nuair a ṫiocfaiḋ an dream úd go teann le n-a ċéile
Beiḋ Aifreann cantaireaċt i dteampaill na h-Éirean.

## MÚIRNÍN NA GRUAIGE BÁINE.

Ar "Aḃráin Grád Ċúige Connaċt."

I mBaile-na-hInnse ṡiar
Atá mo ġráḋ le bliaḋain,
Is áille í 'ná grian an fóġṁair,
'S go ḃfásann mil 'nna diaiġ
Ar lorg a cos 's an tsliaḃ
Dá ḟuaire an uair 'réir na Saṁna

Dá ḃfaġainn féin mo ṁian
Go ngaḃainn í ann mo líon
A's go gcuirfinn-se an brón so díom ó'n lá sin,
A's ar ċóṁairle a rugaḋ riaṁ
Ní pósfaiḋ mé aċt mo ṁian,
Is í Múirnín na gruaige báine.

Tá mo ċeuċta le sgur
A's mo ḃrannra le cur
Agus an méad úd uile le deunaṁ,
Mé do ḃeiṫ amuiċ
Ar ḟearṫainn a's ar ṡioc
Ar súil go dtiúḃrá spéis dam.

Is cuma leat é
A ċaraid, ó, mo ċléiḃ
Ní orṫ atá an pian ċráiḋte,
Agus dúiṫċe Flaiṫeas Dé
Nár ḟeicfiḋ tu go h-eug
Muna dtugaiḋ do ċroiḋe-'stiġ gráḋ dam.

Dá ḃfáġainn-se mo roġa
De ṁnáiḃ deasa an doṁain,
Agus fáġaim orra roġain fársta,
Agus 'réir mar deir na leaḃair
Do ṫug sí buaiḋ ó'n doṁan
Is í Múirnín na gruaige báine.

---

## ARREARS an Óil.

Sud ort, a ṁáṫair mo ċéile,
Naċ ḃfacas ar aonaċ riaṁ fós!
"A ċlaḃaire! ná h-ól orm braon de,
'S nár ḟág tú fiú an ġéiḋ 'gam gan ól!"
Táim in arrears, in arrears,
Táim in arrears i dtiġ 'n óil!
Táim in arrears, in arrears,
'S is baoġalaċ naċ ndíolfad go deó!

A ċailleaċ! do ṫugais-se t'éiteaċ!
Níor ólas do ġé ná do bó.
Go deiṁin ní ḟágfad an t-aonaċ
Go n-ólfad an léine dod' ḋrom!
Táim in arrears, ⁊rl.

"Is duine gan gustal, gan éifeaċt,
Gan súil le h-aon ḃraon de go deó,
A deurfaḋ le máṫair a céile
Go n-ólfaḋ sé an léine d'á drom!"
Táim in arrears, ⁊rl.

Siúḃalfaiḋ mé timpal na dúiṫċe,
Agus beiḋ agam cuinne do'n spórt;
Beiḋ cailleaċa 'n ṗaidrín 'san gcúil ann
Ag sileaḋ na súl os mo ḋeóiġ.
Táim in arrears, ⁊rl.

"Fiċe bó bainne do ḃéarfainn,
'S tarḃ 'na ndiaiḋ ḋuit 'san ród,
Dá dtiuḃ'rfá na móide ar mo beul dom
Naċ n-ólfá aon ḃraon de go deó."
Táim in arrears, ⁊rl.

Míle bó bainne dá mbéarfá
Agus tarḃ 'na ndiaiḋ ḋom 'san ród,
'S na móide dá dtiuḃ'rfainn ó m' beul duit,
Ní ḟágfainn gan glaoḋaċ ċun tiġe 'n óil!
Táim in arrears, ⁊rl.

# Mo Ṁáilín.

Aililiú mo ṁáilín breaġ, mín, deas, niġte, nuaḋ,
Do ċeannuiġeas ar an sráid ṡíos ó Ḋáitín an sgeanadóir.
Do ċuirfinn ann gaċ áirí do ṡáruiġeaḋ mo ṁuirniġín óg,
Costard úr agus árd-ṡaill, cáise agus smut de ḃulóg.

Aililiú mo ṁáilín, mo ṁáilín do guideaḋ uaim!
Aililiú mo ṁáilín breaġ, mín, deas, niġte, nuaḋ!

Do ċuirfinn ċúġam am ṁáilín ar áirṁiġeas agus tuille sórd,
Mín agus plúr agus prátaí, cnáiṁíní circe 'gus feóil;
Printeana úr' im' ó ṁnáiḃ tiġe, an táṫ lín, 's an fíon ó'n ḃfóirsg,
'S istig 'na ċúinne lán snaoise do ṡolátaruiġinn ċun beiṫ 'ġa ól.

Aililiú mo ṁáilín, 7rl.

Nuair a leagfainn ċúġam mo ṁáilín i mbraġaid claiḋe nó i n-imeal róid,
Do sgeartfaḋ fonn ċun gáirīḋe ar mo páirtí le h-iomad scóir;
Do ġearrfainn ċúċa stráicíḋeaċa lán ḃríce 'gus ime nuaiḋ,
Costard úr agus árd-ṡaill, cácaí agus cupa cnó.

Aililiú mo ṁáilín, 7rl.

Ó do ṫaisdiolas ó Ṫráiġ-lí trác síos go Máġ-Ċromṫa ó,
'S go margaḋ na málaí 'gus a lán díoḃ 'á gceannaċ rómam,
Ní ḟaca cúpla máilín ó'n lá úd ḃí briseaḋ Ḃóinn
Ba ġreanta lúba 'gus lásaí 'ná mo ṁáilín deas, niġte, nuaḋ.

Aililiú mo ṁáilín, 7rl.

Pé sgramaire de ráige nó ráiste do ċuir mé i mbrón
'S do ḃradaiġ uaim mo ṁáilín, 's mo ṗáirtí-si ag gol 'na ḋeóiḋ,
Mura dtagaiḋ ċúġam le cáird ḋíol, agus áirṁím go ḃfuil san mór,
Go gcroċtar é idir ġárdaiḃ gan faill fill tar n-ais go deó!

Aililiú mo ṁáilín, mo ṁáilín do guideaḋ uaim!
Aililiú mo ṁáilín breaġ, mín, deas, niġte, nuaḋ!

# An Capaillín Bán.

Mo ċreaċ a's mo ċás! 'sé an bás a ṫagann go trom
Nuair leagtar ar lár an capa gur ṁaiṫ linn buan;
Ní le fearaiḃ, le mnáiḃ, ná le buaċailliḃ baineann mo ḋán,
Aċ le láirín ḋróċ-ṁianaiġ, ar a nglaoiḋis an Capaillín Bán.

Siar i n-Uiḃ Laoġaire na nGaorṫaḋ is eaḋ ċaiṫ sise a saoġal,
Níor ḟás sí puínn riaṁ mar ba ḋual ḋi ó gaċ taoḃ d'á gaol;
Giḋ gur 'mó mála coirce agus mine d'iṫ sí go slán,
Is fíor-ḃeag d'á ċóṁarṫa bí ar ċroiceann an Ċapaillín Ḃáin.

Do ḃí ciall na n-oċt nduine ba ċlisce i gceann an láirín,
D' aiṫneóḋ sí an deiṫbir bí idir ḋroċ ċeól a's ceól binn;
Ar filleaḋ ó Ṁáġ Ċromḋa a baile ḋi buail suas abrán,
'S ní ḃéarfaiḋ gaoṫ anoir nó andeas ar an gCapaillín mBán.

Téiḋeann i gcríonaċt gaċ aoinne uair éigin má ṁaireann siad beó,
A's le críonaċt is anaṁ ná tagann aiciḋí go leór;
Dia féin ċuirean ċúġainn iad 'gár gcoimeád ó imṫeaċt uaiḋ ar fán,
A's ba ċeart dúinn beiṫ foiḋneaċ fúṫa mar a ḃí an Capaillín Bán.

Ḃí súil léiṫe imṫiġṫe gan aon ċuimne go ḃfillfeaḋ go deó,
Do ḃí sí ar leaṫ-ṡúil gan ḋúil le sonas ná sóġ,
Aċ dá ġéire radarc Cyclops nó seabac i ndiaiḋ neid an ṗréaċáin
Níor ḃ'ḟiú gal tobac iad seaċ súilín an Ċapaillín Ḃáin.

Ní raiḃ a cosa ró láidir, giḋ gur ṫáinig buidéal ó'n ndoċtúir,
Ċóṁ ataiṫe, crapaiṫe, bacaċ le h-aon asal sa Múṁain;
Is cuiṁin liom an uair ná raiḃ fúiṫi aċ aon ḋeaġ-ċos aṁáin,
A's ba ġiobalaċ, liobarnaċ an láir í an Capaillín Bán.

on his card and to.

## Ólamuid sláinte na n-eun.

Ṫáinig an dreóilín go dorus tiġe an táilliúr’,
Ḃuail sé buille air agus bain sé clár as.
Mura ndeunfaiḋ tú mo rapper ḋom agus velvet le n-a ċába,
Beiḋ mé ag gabáil de ṁaide ort nó go mbrisfiḋ mé do ċnáṁa.
Agus ólamuid sláinte na n-eun.

Mise Seáġan ’ac Síoda mac Síle ní’c Aṁlaiġ,
A ṫáinig ar an mbaile seo aréir a’ deunaḋ cleaṁnais;
Tá ba agus caoirig agam-sa agus congnaṁ maiṫ ċun bainnse
’S mura dtugaiḋ tusa t’inġean dom imreóċad ort-sa an clampar.
Agus ólamuid sláinte na n-eun.

Tá píopa ag an dreóilín ċóṁ láidir a’s tá i nGansa,
Tá lionn a’s tá beóir aige, tá rum aige a’s brannda,
Tá fíon a’ tiḋeaċt ’na ṫuillib aige anall ó ríġ na Fraince;
Tá an t-iolar mór a’ seinm ceóil ’s an meirliún a’ daṁsa.
Agus ólamuid sláinte na n-eun.

Dá bfeicfeá an t-iolar mór agus é ṫuas ar Ċruaiċ Ṗádraig;
Ba ṁinic leis beiṫ aigeanta ’s níor ṁinic leis beiṫ ráiḋteaċ;
Ċonaic mé ar an gcurraċ é aréir a’ riṫeaḋ rása,
Agus dá ċeann deug de ċearcaib aige a ṫug sé ó mo ṁáṫair.
Agus ólamuid sláinte na n-eun.

Dá bfeicfeá iad-san cruinniġṫe uilig a’ dul ’un feusda;
“Go mbeannuiġ Dia ’s Muire ḋuit,” dúbairt duine acu le ċéile;
“Mura dtugaiḋ sib rud éigin dom a ċuirfeas mé in mo ḃéaḃar,
Raċaiḋ mé go h-Iorrus, mar beaḋ boċt a d’ iarraiḋ déirce.”
Agus ólamuid sláinte na n-eun.

“Dá bfaġainn an píopa dearg agus bosca lán de ṡnaoisín,
Soiṫeaċ uisge-beaṫa ’gus an bairille beiṫ líonta,
Comarádaí beiṫ i n-aice liom ó ṁaidin go dtí an oiḋċe,
Níor ḃaoġal do ṁaor an ḃaile seo mo ċapall ná mo ċaoirig.”
Agus ólamuid sláinte na n-eun.

PHOTOMOUNT
PAMPHLET BINDER
PAT. NO.
877188
*Manufactured by*
GAYLORD BROS. Inc.
Syracuse, N. Y.
Stockton, Calif.

BOSTON COLLEGE
3 9031 01176320 8

159197
Borthwick, Norma, comp.
Author
Ceól-Sídе- Irish songs,
Title

BOSTON COLLEGE LIBRARY
UNIVERSITY HEIGHTS
CHESTNUT HILL, MASS.

Books may be kept for two weeks and may be renewed for the same period, unless reserved.

Two cents a day is charged for each book kept overtime.

If you cannot find what you want, ask the Librarian who will be glad to help you.

The borrower is responsible for books drawn on his card and for all fines accruing on the same.